# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

## STAIDÉAR GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH 2006 – MAIDIN, 9.30 r.n. – 12.00 nóin

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CÚIG** cheist ar bith le freagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

THALL →

**1.** **Is ceist faoi Bhuiséad Teaghlaigh í seo.**
*(Le comhlánú ar leathanach 7 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Seo thíos buiséad do Mhuintir Uí Dhúláin do na ceithre mhí dheiridh de 2006.

Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €830.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Micheál Ó Dúláin €1,800 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas €200 glan i mí na Nollag.
- Tuilleann Eibhlín Ní Dhúláin €2,000 glanphá in aghaidh na míosa.
- Tá súil acu le hús €1,900 ó Chumann Foirgníochta i mí Dheireadh Fómhair.

**Caiteachas Pleanáilte**

- €530 in aghaidh na míosa an cíos atá ar an teach ach méadófar sin **go dtí** €600 in aghaidh na míosa ó 1 Samhain 2006.
- Tá árachas ar inneachar an tí, €720 **in aghaidh na bliana**, iníoctha **go míosúil** ó 1 Meán Fómhair 2006.
- €650 an t-árachas bliantúil ar ghluaisteán Mhichíl agus tá sé iníoctha i Meán Fómhair agus tá an t-árachas bliantúil ar ghluaisteán Eibhlín, €540, iníoctha i mí na Samhna.
- Bíonn costais teaghlaigh €950 orthu in aghaidh na míosa ach i mí na Nollag beidh na costais sin €350 **níos mó.**
- Ceaptar gur €60 in aghaidh na míosa na costais reatha a bheidh le híoc ar ghluaisteán Mhichíl agus €170 in aghaidh na míosa ar ghluaisteán Eibhlín.
- Tá an ceadúnas teilifíse iníoctha i mí Mheán Fómhair, €160, agus an táille bhliantúil €230 ar an teilifís chábla iníoctha i mí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar go mbeidh €220 ar an mbille BSL i mí Dheireadh Fómhair agus €300 i mí na Nollag le haghaidh solais agus teasa, agus cosnóidh ola téimh €450 i mí Mheán Fómhair agus €550 i mí na Samhna.
- Tá fón baile agus fón póca ag Muintir Uí Dhúláin. Ceaptar go mbeidh €180 ar bhille an teileafóin bhaile i mí Dheireadh Fómhair agus €250 i mí na Nollag. Ceaptar go mbeidh €80 ar bhille an fhóin phóca in aghaidh na míosa.
- Cosnóidh siamsaíocht €200 in aghaidh na míosa, ach amháin i mí na Samhna, nuair a bheidh sé €90 **níos lú.**
- Ceapann Muintir Uí Dhúláin go gcaithfidh siad €5,000 ar bhainis a n-iníne i mí na Samhna.
- Cosnóidh bronntanais Nollag €750 i mí na Nollag.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh *(ar lch 7 de Roinn A*) agus tú ag baint úsáide as na figiúirí go léir thuas. (50)

**(B)** An le Muintir Uí Dhúláin an teach ina gcónaíonn siad? Luaigh cúis **amháin** le do fhreagra. Scríobh do fhreagra agus an chúis sna spásanna atá ar fail *(ar lch 7 de Roinn A).* (5)

**(C)** Tá sé ar intinn ag Muintir Uí Dhúláin €2,000 a chaitheamh ar shaoire thar lear in Eanáir 2007. Luaigh cé acu a bheidh an caiteachas sin seasta, neamhrialta nó roghnach. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar lch 7 de Roinn A.)* (5)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**
*(Le comhlánú i do Fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Holby Tta ar an 31 Nollaig 2005, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 400,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach mar a bhí ar 31 Nollaig 2005** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 413,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 246,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 4,500 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2005 | 68,000 | |
| Árachas | 15,400 | |
| Pá | 42,150 | |
| Cíos agus Rátaí | 23,950 | |
| Fógraíocht | 11,750 | |
| Teas agus Solas | 22,450 | |
| Díbhinn Íoctha | 19,700 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 58,000 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 9,600 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 230,000 |
| Trealamh | 77,500 | |
| Mótarfheithiclí | 160,000 | |
| | 701,000 | 701,000 |

Ba é an Stoc Deiridh ar 31 Nollaig 2005 ná €62,500.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005 agus **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an dáta sin. (45)

**(B)** Mínigh cad is brí le 'Díbhinn Íoctha' sa Chomhardú Trialach thuas. (5)

**(C)** Ríomh cén céatadán de na Díolacháin ar Airgead Tirim é an Brabús Glan.
Taispeáin do chuid oibre. (10)

**(60 marc)**

**THALL →**

**3.** **Baineann an cheist seo le Club agus le Litir a Scríobh.**
*(Le comhlánú i do Fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí Pól Mac Coille, fear a bhfuil an-dúil aige sa spórt, ina chónaí in 20 Bóthar na Mara, Sligeach. Ar an 3 Márta 2006, chuir sé glao teileafóin ar Cháit Ní Ruanaidh. Tá Cáit ina rúnaí ar Chlub Spóirt agus Scíthe na gCnoc Glas, Bóthar na Trá, Loch Garman.

Mhínigh Pól go raibh sé ag teacht chun cónaí i Loch Garman ag deireadh Mhárta agus gur mhaith leis bheith ina bhall den chlub ó 1 Aibreán 2006. D'iarr sé foirm iarratais uirthi agus chuir sé ceist faoi laghdú a fháil ina tháille ballraíochta do 2006 os rud é nach mbeadh sé ag dul isteach sa chlub go dtí an 1 Aibreán 2006.

An lá ina dhiaidh sin, scríobh Cáit litir chuig Pól. Ghlac sí buíochas leis as a fhiosrúchán agus dúirt sí go raibh sí ag cur bróisiúir agus foirm iarratais chuige. Dúirt sí freisin gurbh é an táille bhallraíochta do 2006 ná €720. Ní bheadh le híoc aige ach táille na míonna a mbeadh sé ina bhall i 2006. Mheabhraigh sí dó a fhoirm iarratais comhlánaithe a chur ar ais gan mhoill, chomh maith le seic don táille bhallraíochta a bhí socraithe eatarthu.

**(A)** Ríomh an méid airgid a bheadh ar Phól a íoc mar tháille bhallraíochta don tréimhse ó 1 Aibreán go dtí 31 Nollaig 2006. Taispeáin do chuid oibre. (5)

**(B)** Scríobh an litir a sheol Cáit Ní Ruanaidh chuig Pól Mac Coille ar an 4 Marta 2006. (40)

**(C)** Mínigh **trí** mhír a d'fhéadfaí a thaispeáint ar thuarascáil chisteoir club ag deireadh na bliana. (15)

**(60 marc)**

4. **Baineann an cheist seo le Pá agus Doiciméid.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 8 agus 9 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Cónaíonn Úna Nic an Tuile in 25 Gairdíní Darach, Mala, Co. Chorcaí. Tá sí fostaithe mar bhainisteoir cúnta i Stór Miondíoltóirí de Barra Tta, Mala.

**(A)** Ar an 5 Eanáir 2006, fuair sí €298.63 pá ina airgead tirim. D'úsáid a fostóir an uimhir ba lú nótaí agus monaí agus é ag cur an airgid thirim i gclúdach pá Úna.

Comhlánaigh an Duillín Anailíse Nótaí/Monaí (*ar lch 8 de Roinn A*) agus taispeáin cé mhéad nóta agus cé mhéad mona de gach méid a bhí i gclúdach pá Úna. (10)

**(B)** Choimeád Úna nóta €50 amháin di féin agus lóisteáil sí an fuílleach dá pá ina Cuntas Reatha i mBanc an AIB, An tSráid Mhór, Mala, ar an 6 Eanáir 2006. Is í uimhir a cuntais ná 75336412. Is é Cód Sórtála Náisiúnta an bhrainse ná 93-79-12.

Comhlánaigh an Duillín Lóisteála agus an Comhdhuille *(ar lch 8 de Roinn A).* (16)

**(C)** Ar an 9 Eanáir 2006, chuaigh Úna go dtí an banc, chomhlánaigh sí duillín aistarraingthe agus d'aistharraing sí €150 airgead tirim óna Cuntas Reatha.

Comhlánaigh an Duillín Aistarraingthe (*ar lch 8 de Roinn A*). (8)

**(D)** Ar 10 Eanáir 2006, d'íoc Úna a táille bhallraíochta €120.00 le Club Leadóige Mhala. Fuair sí admháil (Uimh. 2158) ó Liam Ó hÓgáin, cisteoir an chlub.

Comhlánaigh an Fáltas (*ar lch 9 Roinn A*). (12)

**(E)** Ar 12 Eanáir 2006, fuair Úna a pá. Ba é a bunphá ná €350.00 agus thuill sí €40 as ragobair. B'iad na hasbhaintí ná:

| | |
|---|---|
| ÍMAT | €72.50 |
| ÁSPC | 10% dá **hOLLPHÁ** |
| ÁSS | €27.35 |

Comhlánaigh Duillín Pá Úna de 12 Eanáir 2006 (*ar lch 9 de Roinn A*). (14)

**(60 marc)**

**THALL →**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 10 agus 11 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Áine Ní Mhaoláin fostaithe i Roinn na nDíolachán de Feisteas Tta, Eastát Tionsclaíoch na Bóinne, An Uaimh, Co. na Mí. Ar an 5 Aibreán 2006, glacann sí leis an Ordú seo a leanas.

# Troscán Tta

**Miondíoltóirí Troscán den Scoth**
**11 Sráid na Siopaí, Port Laoise**

**Uimh. Ordaithe 624**

Teileafón: 0502-97683
Facs: 0502-97789
r-phost: troscan@loi.ie

Uimh. Chlár. CBL IE 4382719

4 Aibreán 2006

An Bainisteoir
Feisteas Tta
Eastát Tionsclaíoch na Bóinne
An Uaimh
Co. na Mí

**Soláthair, le do thoil, na hearraí seo a leanas:**

| CAINNÍOCHT | SONRAÍ | | PRAGHAS AN CEANN (€) |
|---|---|---|---|
| 40 | Boird Chaife | (Códuimhir CT 123) | 120.00 |
| 30 | Boird Bhia | (Códuimhir DT 324) | 250.00 |
| 80 | Cathaoireacha Caighdeánacha | (Códuimhir SC 751) | 25.00 |
| 12 | Boird Teileafóin | (Códuimhir TT 822) | 50.00 |

| | |
|---|---|
| Sínithe: *Méadhbh Ní Longaigh* | Teideal: Bainisteoir Ceannaigh |

Tá na hearraí a ordaíodh i stoc, ach amháin na Boird Teileafóin. Tá na hearraí eile (**Boird Chaife, Boird Bhia** agus **Cathaoireacha Caighdeánacha)** ar fáil. Déanann Áine Ní Mhaoláin deimhin de go bhfuil siad lódáilte ar leoraí chun iad a sheachadadh. Comhlánaítear Sonrasc (Uimh. 2891) ansin.

Seachadtar na hearraí ar Throscán Tta an lá ina dhiaidh sin. Seachadann an tiománaí leoraí an Sonrasc (Uimh. 2891) freisin.

**(A)** Cén doiciméad gnó a sheiceálfadh Méadhbh Ní Longaigh sula seolfadh sí an tOrdú chuig Feisteas Tta? (*Freagair ar lch 10 de Roinn A.)* (6)

**(B)** Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 2891 *(ar lch 10 de Roinn A*).
Nóta: Is é an **Lascaine Thrádála** ar gach earra ná 10% agus **CBL** ar gach earra ná 20%. (30)

**(C)** Tar éis di na hearraí a sheiceáil, tugann Méadhbh Ní Longaigh Seic (Uimh. 300863) ar an mhéid iomlán, sínithe aici féin agus dátaithe 6 Aibreán 2006, don tiománaí chun é a thabhairt ar ais chuig Feisteas Tta. Comhlánaigh Seic Uimh. 300863. Bain úsáid as an seic bán agus as an gcomhdhuille atá curtha ar fáil (*ar lch 11 de Roinn A)*. (15)

**(D)** Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Troscán Tta. (*Bain úsáid as ceann **amháin** de na Cuntais Bhainc curtha ar fáil ar lch 11 de Roinn A.)* (9)

**(60 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Anailísithe Airgid Thirim an Teaghlaigh agus le hAirgead/Baincéireacht.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 12 agus 13 de Roinn A* ***nó*** *i do Fhreagarleabhar)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Úsáideann Muintir Uí Choinn Leabhar Anailísithe Airgid Thirim chun fáltais agus íocaíochtaí a thaifeadadh. Aon airgead a fhaigheann siad, lóisteáiltear i gcuntas reatha é agus íoctar gach bille le seic.

Ar an 1 Feabhra 2006, bhí fuílleach €250 ag Muintir Uí Choinn sa bhanc.

Rinne an teaghlach na beartanna seo a leanas i rith Feabhra 2006.

| | | |
|---|---|---|
| Feabhra | 2 | Fuair an tUasal Ó Coinn a thuarastal: €1,240. |
| | 3 | D'íoc siad €35 ar pheitreal don ghluaisteán. (Seic Uimh. 151) |
| | 6 | Chaith siad €260 ar ola téimh. (Seic Uimh. 152) |
| | 8 | Chuaigh siad ag siopadóireacht le haghaidh earraí grósaera agus chaith siad €175. (Seic Uimh. 153) |
| | 9 | Fuair siad sochar leanaí: €460. |
| | 14 | Cheannaigh siad ticéid le haghaidh ceolchoirme a chosain €95. (Seic Uimh. 154) |
| | 15 | D'íoc siad bille an BSL: €125. (Seic Uimh. 155) |
| | 20 | Rinneadh deisiúcháin agus seirbhís ar an ngluaisteán: €150. (Seic Uimh. 156) |
| | 23 | Fuair Bean Uí Choinn a tuarastal: €830. |
| | 22 | Chosain earraí grósaera €195. (Seic Uimh. 157) |
| | 23 | Bhí cóisir bhreithlae acu a chosain €90. (Seic Uimh. 158) |
| | 27 | Chosain peitreal don ghluaisteán €45. (Seic Uimh. 159) |

**(A)** Breac go hiomlán an Leabhar Anailísithe Airgid Thirim Mhuintir Uí Choinn do mhí Feabhra 2006 agus tú baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas ar cholúin an airgid:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Tuarastal Sochar Leanaí

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí)**: Banc Earraí grósaera Solas agus Teas Gluaisteán Siamsaíocht

Suimigh **gach** colún anailísithe agus comhardaigh na colúin Bainc ag deireadh Feabhra. (*Bain úsáid as lch 12 de Roinn A* ***nó*** *scríobh an freagra i do Fhreagarleabhar.)* (40)

**(B)** Tá méadú 25% ar Shochar Leanaí ó Mheitheamh 2006. Ríomh an méid nua a gheobhaidh Muintir Uí Choinn gach mí. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar lch 12 de Roinn* A ***nó*** *i do Fhreagarleabhar*). (5)

**(C)** Tá Muintir Uí Choinn ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as <u>UMB</u>, <u>cártaí creidmheasa</u>, <u>comhair chreidmheasa</u>, <u>seiceanna taistil</u> agus <u>páchonair</u>.

Mínigh go soiléir **trí** cinn de na téarmaí a bhfuil líne fúthu, ag tabhairt sampla más féidir. (*Freagair ar lch 13 de Roinn A* **nó** *i do Fhreagarleabhar.*) (15)

**(60 marc)**

**THALL →**

**7.** **Ceist í seo a bhaineann le Cineálacha Gnólachta.**
*(Le comhlánú ar leathanaigh 14 agus 15 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Mheasc Séamas suas a chuid freagraí ina scrúdú Staidéar Gnó. Bhí na míniúcháin chearta go léir aige ach chuir sé sna habairtí míchearta iad. Seo an rud a scríobh sé.

- **(i)** Is é is trádálaí aonair ann ná *cosaint ionas nach gcaillfidh scairshealbhóirí ach an méid atá infheistithe acu i ngnó*.
- **(ii)** Is é is bord stiúrthóirí ann ná *gnólacht ar leis na baill é agus é á stiúradh acu*.
- **(iii)** Is é is dliteanas teoranta ann ná *gnólacht faoi úinéireacht agus smacht an rialtais*.
- **(iv)** Is é is comharchumann ann ná *daoine a ceapadh ag na scairshealbhóirí chun gnólacht a riar*.
- **(v)** Is é is comhlacht faoi úinéireacht stáit ann ná *seans go gcaillfear gach airgead atá infheistithe má theipeann ar an ngnó*.
- **(vi)** Is é is dliteanas neamhtheoranta ann ná *gnólacht ar le duine amháin é agus eisean a riarann é*.

Comhlánaigh, go hiomlán, gach abairt (*san spás atá curtha ar fáil ar lch 14 de Roinn A)* agus taispeáin an mhíniú is cuí **i ngach** cás. (24)

**(B)** Ar an 1 Meitheamh 2006, bhunaigh Seán Ó Riagáin, 22 Bóthar na Má, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, agus Nuala Ní Mhuirí, 31 Bóthar na Sráide, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, cuideachta phríobháideach theoranta dar teideal Castina Tta. Is iad cuspóirí an chomhlachta ná suímh ghréasáin a chruthú do chustaiméirí. Is é scairchaipiteal an chomhlachta ná 100,000 gnáthscair ar €1 an ceann. Cheannaigh Seán 20,000 scair agus cheannaigh Nuala 10,000 scair.

Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Meabhrán Comhlachais (*ar lch 14* de Roinn A). (18)

**(C)** Is cuideachta phríobháideach theoranta é Gandor Tta a bhfuil ceithre roinn inti: Airgeadas, Táirgeadh, Ceannacháin agus Margaíocht.

Líon isteach na **sé** spás bhána ar an gCairt Eagraíochtúil de Gandor Tta (*ar lch 15 de Roinn A*). (18)

**(60 marc)**

**8.** **Ceist í seo a bhaineann le Trádáil, leis an bhFrámaíocht Eacnamaíochta agus le Buiséadú.**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 16 agus 17 de Roinn A)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Mínigh an difríocht idir **allmhairiú** agus **onnmhairiú**. (*Freagair ar lch 16 de Roinn A.*) (12)

**(B)** Mínigh cúis **amháin** a bhfuil an t-allmhairiú tábhachtach d'Éirinn.
(*Freagair ar lch 16 de Roinn A.*) (6)

**(C)** Sheiceáil Neasa Ní Riain costas seomraí óstáin le haghaidh sos deireadh seachtaine.
Ba iad na rátaí a luadh léi ná:

| | |
|---|---|
| Óstán an Carlton, an Róimh | €510 |
| Óstán an Ritz, Nua-Eabhrac | $588 |

Mas é an ráta malairte ná **€1 = $1.20**, ríomh cé acu óstán díobh is saoire.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar lch 16 de Roinn A*). (12)

**(D)** Mínigh cad is ciall le **boilsciú**. (*Freagair ar lch 16 de Roinn A.*) (6)

**(E)** Le blianta beaga anuas tá fás ar eacnamaíocht na hÉireann. Luaigh sochar **amháin** a bhaineann muintir na hÉireann as an bhfás eacnamaíochta seo. (*Freagair ar lch 16 de Roinn A.*) (6)

**(F)** Thug Rialtas Frostland na figiúirí seo a leanas ar Lá Bhuiséid 2006.

| **Mórmhíreanna Ioncaim agus Caiteachais** | **Milliúin €** |
|---|---|
| Ioncam ó ÍMAT | 3,750 |
| Ioncam ó CBL | 2,940 |
| Caiteachas ar Sheirbhísí Sláinte | 2,350 |
| Caiteachas ar Leas Sóisialach | 2,120 |
| Caiteachas ar Oideachas agus Eolaíocht | 2,480 |

**(i)** Dréachtaigh Buiséad Náisiúnta Rialtais Frostland do 2006 ón eolas thuas.
(*Freagair ar lch 17 de Roinn A.*)

**(ii)** Luaigh cé acu buiséad 'fuílligh' nó buiséad 'easnaimh' é. *(Freagair ar lch 17 de Roinn A.*)
(18)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán